



**Coiste Iniúchta
an Roinn Gnóthaí
Eachtracha**

tuarascáil bhliantúil 2006



**An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs**

Clár

Ráiteas an Chathaoirligh 2006	1
Ballraíocht an Choiste Iniúchta	4
Cairt an Choiste Iniúchta	5
Feidhmiú an Choiste Iniúchta	6
Timpeallacht Iniúchta na Roinne	7
1. Struchtúr na Roinne	7
2. Timpeallacht Eachtrach	7
3. Adhmeanna Ard Leibhéal, 2005-2007	8
4. Bainistíocht Airgeadais	8
5. Eagraithe Iniúchta na Roinne	8
Ráitis agus Moltaí an Choiste Iniúchta le h-aghaidh 2006	10
1. Fráma Oibre Bainistíochta Eolais	10
2. Smacht Inmheánach	11
3. Iniúchadh Inmheánach	11
4. Luacháil	13
5. Comhartha aitheantais Riosca	15
6. Ábhair Eagrúcháin agus Acmhainne	17
Aguisín 1 – Dátaí cruinnithe an choiste iniúchta:	20
Aguisín 2 – Doiciméid a phléigh an Coiste:	21
Aguisín 3 – Léiriúcháin faighte ag an gCoiste Iniúchta:	22
Aguisín 4 – Achoimre ar Chaiteachas 2006	23
Aguisín 5 – áthbhreithnithe Iniúchtaí, Luachála Agus Luach As Airgead I 2006	25

Ráiteas an Chathaoirligh 2006

Ráiteas Chathaoirleach Choiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtracha

Seo an tríú tuairisc bhliantúil de chuid Choiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Baineann an tuairisc leis an mbliain 2006. Leanann ballraíocht an Choiste Iniúchta a bheith déanta suas de bhaill atá tugtha isteach ó lasmuigh des na Ranna Rialtais. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta do Rúnaí Ginearálta an Roinn Gnóthaí Eachtracha, atá mar an t-Oifigeach Cuntasaíochta le h-aghaidh Vótaí 28 agus 29. Tá an próifíl caiteachais den dá Vóta léirithe ins an tábla seo a leanas:

		Meastachán 2006 Comhlán (€ milliún)	Táirgeacht 2006 Comhlán (€ milliún)
Vóta 28	Gnóthaí Eachtracha	243.4	227.0
Vóta 29	Comhar Idirnáisiúnta	600.6	599.5
	Iomlán	844.0	826.5

Tá Vóta 28 déanta suas de chaiteachas 80% a bhaineann le riarachán a thugann tacaíocht dos na ranna polasaí sa cheanncheathrú, seirbhísí consalachta agus stiúradh na Misean thar sáile. Tá Vóta 29, ar an dtaobh eile den scéal, déanta suas de chaiteachas a bhaineann le 90% caiteachas cláir, ag déanamh maoiniú ar na comhpháirteanna éagsúla de Chlár Chúnaimh Éireann.

Ritheann an Roinn Gnóthaí Eachtracha a mhisean i dtimpeallacht anamúil, éabhlóideach. Tá fianaise na ndúshlán go raibh an Roinn Gnóthaí Eachtracha gafa leo le linn 2006 ins na tionscnaimh seo a leanas: (a) ag obair ar son na síochána agus an athmhuintearais i dtaobh tacú le Chomhaontas Naomh Aindrias; (b) bunú Aonaid socrúithe Coimhlinte; (c) cuairt air agus déileáil leis an tragóid casta i Darfur; (d) an próiseas athchóirithe agus athnuachan ag leibhéal AE; (e) urrú ar reachtaíocht chun cabhrú le h-éascú ball nua

isteach san Pobal Eorpach; (f) ullmhú agus lainseáil an chéid Pháipéir Bháin Rialtais ar Chúnaimh Forbartha.

Tuigeann an Coiste Iniúchta go bhfuil an clár Cúnaimh Éireann mar chéim tábhachtach ina stair. Ábhar dúshlán an meascán de fhachtóirí mar: (i) an méadú mór i ndáiltí cistíochta do chúnaimh thar sáile, ar bhonn bliantúil, ar thóir an aidhm 0.7% den OTN a thabhairt do chúnaimh thar sáile roimh 2012; (ii) tíortha nua, breise a fhógairt don chlár; (iii) dílárú Cúnaimh Éireann go Luimneach, gach dúshlán láithreach, deiseanna agus rioscaí.

Tá áthas ar an gCoiste Iniúchta a thuairisciú gur lean patrún agus cleachtas an Roinn Gnóthaí Eachtracha i dtaobh déileáil leis na moltaí ó thuairiscí an Choiste Iniúchta le linn 2006. Beidh sé soiléir ó léamh na tuairisce seo go bhfuil a lán des na moltaí atá imlínithe i dtuairiscí bliantúla an Choiste Iniúchta le h-aghaidh 2004 agus 2005 bunaithe go daingean anois i ngnáthaimh agus i bpolasaithe an Roinn Gnóthaí Eachtracha.

Cuireann an Coiste Iniúchta roinnt ábhar buartha in iúl agus déanann siad a lán moltaí. Tá na gnéithe seo imlínithe go sonrach ins an Rannóg leis an teideal **Ráitis agus Moltaí an Choiste Iniúchta le h-aghaidh 2006**, a thosaíonn ar leathanach a 10. Baineann a lán díobh seo leis an gClár Cúnaimh, agus aithníonn an Coiste leibhéal an riosca a théann le timpeallacht an chúnaimh fhorbartha. Cuireann seacht n-eilimintí timpeallacht iniúchta na Roinne, atá imlínithe ins an Rannóg leis an teideal **Timpeallacht Iniúchta na Roinne** leis an leibhéal dearbhaithe i dtaobh cheart-úsáid ciste poiblí. Imlínithe thíos tá roinnt des na ráitis agus roinnt des na moltaí is tábhachtaí faoi dhá theideal:

(i) Riosca, Smacht Inmheánach agus Luacháil

- Tá an Coiste ag súil le críoch na straitéise iniúchta agus an phlean oibre il-bhliana le h-aghaidh Vóta 28, leis an gcead a théann leis, ón Rúnaí Ginearálta.
- Déanfaidh an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar fheidhmiú fhráma oibre smachta inmheánaigh na Roinne, mar aon le freagracht as éifeacht an fhráma oibre a dheimhniú i 2007.
- Tá an-fháilte roimh an cead a tugadh le déanaí do Pholasaí Calaoise inmheánach le h-aghaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Tá an Coiste ag súil le treoirlínte agus gnáthamh a fhorbairt a bhainfeadh le calaoise in eagraíochtaí atá ag fáil ciste poiblí Éireannach.
- Gnáth rud é riosca bheith ag baint le timpeallacht cúnamh forbartha. Measann an Coiste Iniúchta má fhorbraítear polasaí riosca cuí go bhfeabhsóidh sé bainistíocht riosca, feabhsóidh sé díospóireacht poiblí agus imlíneoidh sé céimeanna chun maolú ar thionchar rioscaí móra.
- Tuigeann an Coiste Iniúchta go leanann laigi agus easpaí móra ag a lán de pháirtithe Cúnamh Éireann ina ngnáthaimh cuntasóireachta agus ina gcórais smachta inmheánacha. Toisc an chistíocht mhór a dháiltear do pháirtithe dá leithéid, tá sé tábhachtach go leanann Cúnamh Éireann, go gníomhach, lena iarrachtaí móra, i dteannta le deonaithe eile, chun déileáil le gnéithe iniúchta agus chun córais smachta inmheánach na bpáirtithe a neartú.
- Tuigeann an Coiste Iniúchta, chomh maith, mar aon le deonaithe eile, go bhfuil sé cuí go bhfuil Cúnamh Éireann ag braith níos mó agus níos mó ar iniúchtaí, déanta ag páirtithe, atá ar aon dul le Oifig an Iniúcháir Ghinearálta, i dtíortha go bhfuil an clár iontu. Toisc an socrú seo, ba chóir go leanfadh Cúnamh Éireann ag obair, i bpáirtíocht le deonaithe eile, chun tacú le cumas na n-institiúidí iniúchta agus iad a neartú.

- Ba chóir go rachadh an fhoghlaim ceachta, ó mheasúnú an dá dheonaí ar Thacaíocht ón m-Buiséad Ginearálta, i bhfeidhm ar chainteanna agus ar impleachtaí faoi pholasaí. Ba choir go mbeadh ráiteas soiléir ar na critéir i dtaobh pháirt Cúnamh Éireann le Tacaíocht an Bhuiséid Ghinearálta. Ba choir go mbeadh tionchar ag an gceacht ón luacháil chomh-dheonaí seo ar fhorbairt pholasaí agus straitéise, ar chlár tíortha nua, mar shampla.
- Caithfidh straitéis bhainistíochta riosca cuí agus fráma-oibre monatóireachta láidir a bheith i dteannta leis an mbreith méadú mór a dhéanamh ar an gciste a dáiltear dos na Gníomhaireachta Iltaobhacha, chun deimhin a dhéanamh de go n-úsáidtear cistíocht Chúnamh Éireann go h-éifeachtach.

(ii) Acmhainní

- Tugann leibhéal reatha na foirne, leis an gcead le déanaí do earcaíocht bhreise, agus na feidhmeanna iniúchta agus luachála san áireamh, an chaoi do phleananna iniúchta agus luachála il-bhliantúla, stuama a bheith déanta. Ba chóir athbhreithniú rialta a bheith déanta ar leibhéal foirne iniúchta agus luachála, chun a gcumas an leibhéal iniúchta, luachála agus luach as an airgead a sholáthar, atá inmhianaithe, i gcomhthéacs réimse de mhódúil chúnamh chasta, i mbuiséad cúnamh atá ag leathnú go tapa.
- D'fhéadfadh cailliúint pearsanra tábhachtach, a chuireann luach mór leis an eagraíocht agus leis na cláir Cúnamh Éireann, a bheith mar thoradh ar an dílárú go Luimneach. Caithfidh tosaíocht a bheith tugtha go dtugtar aird ar deimhin a dhéanamh de go gcoimeádtar leibhéal cuí foirne cáilithe, le taithí, chun athruithe sa bhfoireann a choimeád chomh h-íseal agus is féidir, agus na rioscaí don gClár Cúnamh, a théann leis an gcorraí díláraithe seo, a mhaolú.

- Ba chóir don Roinn deimhin a dhéanamh de ná bíonn tionchar diúltach ag a chóras pleanáilte i dtaobh aistriú na bhfoireann taidhleoireachta agus sainiúla ar bhainistíocht leanúnach na gClár Thíortha dé-thaobhacha.
- Tá ar an Straitéis Bainistíochta Acmhainn Daonna roghanna forbartha slí beatha cuí a sholáthar do fhoireann atá cáilithe go proifisiúnta san aicme airgeadais.

Tá fócas an Choiste Iniúchta le h-aghaidh 2007 imlínithe faoin Rannóg a shonraíonn **Oibriocht an Choiste Iniúchta**.

Bhí an Coiste Iniúchta an-churtha amach agus baineadh an-gheit asainn nuair a fuaireamar an scéal i Meitheamh faoi bhás obann ár gcomhghleacaí John A. Jackson, go raibh meas thar na bearta againn air. Bhí an-chion againn ar John. Ba mhór againn i gcónaí doimhneacht a chéile agus a thaithí a bhí mar ionchur ag John in ár gcuid díospóireachtaí. Is cuimhin linn dea-aoibh, ard-ionraice agus dian-obair John, le cion, agus déanaimid ceiliúradh air. Gabhaimid ár gcomhbhrón ó chroí le clann John. Suaimhneas síoraí dó.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil do bhaill an Choiste Iniúchta, John A. Jackson atá marbh, Valerie Little, John S. Pittock agus Mike Scott, a tháinig chugainn i mbliana, as ucht a gcuid ama agus a gcuid oibre luachmhaire ar a shon i rith na bliana. Tá an-áthas orm gur tháinig Mike Scott chugainn, ag tógáil doimhneacht a thaithí mar Iar-Cheannaire Luachála agus Iniúchta i g-Cúnamh Éireann chuig an Coiste.

Ar son an Choiste Iniúchta, ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil as ucht an tacaíocht agus an comhoibriú a fuarthas ó bhainistíocht agus ó fhoireann an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Mar ar tharla ins na blianta atá caite, luaigh baill an Choiste an meas agus an mórtas atá acu ar chaighdeán agus ar dhíograis chun oibre na bhainistíochta agus na

foirne, a eiseachadann ar mhisin an Roinn Gnóthaí Eachtracha le fíor-spiorad an tsaothraí phoiblí.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an fhoireann go léir a ghlac páirt i, nó a dhein léiriúcháin ag, cruinnithe an Choiste le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, chomh maith, as ucht an tacaíocht oibríochta a sholáthar foireann an Aonaid Luachála agus Iniúchta don gCoiste Iniúchta – Fiona English agus Dónal MacDonal (beirt a d'fhág an t-Aonad le linn na bliana), Finbar O'Brien, Patrick Empey, Brian Nolan, Helen Smith agus Tom Hennessy.

Gerard O'Connor

Cathaoirleach

Coiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtrach

Dáta: 25th Deireadh Fómhair, 2007.

Ballraíocht an Choiste Iniúchta

Tá baill an Choiste Iniúchta neamhspleách ina iomlán agus tugtha isteach ó lasmuigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha. Táid ceaptha ag Rúnaí Ginearálta na Roinne.

Le linn 2006, ba iad baill an Choiste ná:

An tAthair Gerard O'Connor C.Ss.R., Cathaoirleach an Choiste. Oibríonn An tAthair O'Connor i b-Paróiste Cherry Orchard, Baile Átha Cliath, agus tá cúlra aige i Forbairt agus sa Chuntasaíocht. Faoi láthair, tá sé mar bhall den mBord Comhairleach le haghaidh Chúnamh Éireann (Ceaptha Samhain 2003).

An tOllamh John A. Jackson, Ollamh Emeritus Socheolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhíodh an tOllamh Jackson mar Chathaoirleach ar Choiste Comhairleach Cúnamh Éireann agus mar bhall de Choiste Athbhreithnithe Chúnamh Éireann (Ceaptha Samhain 2003).

Tá Ms. Valerie Little mar Bhainisteoir Acmhainn Daonna de Ghréasáin ESB, agus bhíodh sí mar Cheannaire ar an Iniúchadh Inmheánach, Bord Soláthar Leictreachais (Ceaptha Meitheamh 2004).

Tá Mr. John S. Pittock mar Chuntasóir Cairte agus mar stiúrthóir lion comhlachtaí. Bhíodh sé mar chathaoirleach Deloitte (Ceaptha Samhain 2003).

Tá Mr. Micheal Scott mar Iar-Cheannaire Luachála agus Iniúchta (Ceaptha Meitheamh 2006).

Cairt an Choiste Iniúchta

Tá Coiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtracha ceaptha go foirmiúil ag, agus tuairisceoidh said chuig Rúnaí Ginearálta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, atá mar an t-oifigeach cuntasáiochta le haghaidh Vótaí 28 agus 29 (Gnóthaí Eachtracha Ginearálta agus Cúnamh Éireann, Roinn Gnóthaí Eachtracha, faoi seach. Mar is cuí, tabharfaidh sé comhairle don Aire Gnóthaí Eachtracha agus don Aire Stáit i g-Comhar Forbartha.

Beidh Cathairleach ag an gCoiste agus ar a laghad triúr gnáth bhall a bheidh tugtha isteach ó lasmuigh den Roinn. Beidh taithí cuntasáiochta ginearálta, taithí iniúchta proifisiúnta nó taithí proifisiúnta sa chomhar forbartha agus i luacháil cláir cúnamh. D'fhéadfadh taithí breise a bheith chomh-thofa ar bhonn comhairlithe. De ghnáth leanann na bail ar feadh dhá bhliain, chun riaradh éifeachtach an chláir a dheimhniú. Buailfidh an Coiste le chéile ar a laghad sé uair sa bhliain, de ghnáth.

Soláthróidh an Coiste measúnú neamhspleách ar shocruithe iniúchta agus luachála an dá Vóta seo, chun an smacht inmheánach agus bainistíocht riosca a neartú mar aon le uasghrádú a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach an fheidhm iniúchta agus luachála laistigh de Vóta Gnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Éireann (an Stiúrthóireacht Comhar Forbartha laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha).

Soláthróidh an Coiste tuarascáil bhliantúil don Rúnaí Ginearálta ar a chuid oibre maidir leis an dá Vóta seo. Beidh sé seo bunaithe, i dteannta rudaí eile, ar:

- athbhreithniú ar an straitéis luachála agus iniúchta le haghaidh chlár Gnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Éireann agus an clár oibre bliantúil a éiríonn as seo;
- athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na gclár seo ag Gnóthaí Eachtracha agus ag Aonad Luachála agus Iniúchta Cúnamh Éireann;

- athbhreithniú ar na hacmhainní ar fáil le haghaidh na cúise seo;
- athbhreithniú ar na córais smachta inmheánacha de Ghnóthaí Eachtracha agus de Cúnamh Éireann;
- athbhreithniú ar na córais bhainistíochta riosca i g-Cúnamh Éireann agus i Gnóthaí Eachtracha.

De bharr gurab é ceann de fheidhmeanna Bord Comhairleach Cúnamh Éireann, an eagraíocht neamhspleách atá ceaptha ag an Rialtas, é “maoirseacht a dhéanamh ar luacháiltí sonracha agus ginearálta cláir agus tionscnaimh Cúnamh Éireann, le maoirseacht ginearálta ar pholasaí agus ar chaiteachas,” beidh ball den mBord Comhairleach ina bhall i gcónaí ar an gCoiste Iniúchta.

Tabharfaidh an Coiste cuireadh don Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste, nó a (h-)ionadaí, chun bualadh leo uair amháin, ar a laghad, sa bhliain.

Feidhmiú an Choiste Iniúchta

Feidhmíonn an Coiste Iniúchta trí shraith de chruinnithe a bheith ar siúl, ina bhfaigheann siad tuairiscí, ina lorgaíonn siad cur i láthair ó fhoireann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus ina ndéanann siad moltaí. Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar obair Aonad Luachála agus Iniúchta Cúnamh Éireann (glaitear Stiúrthóireacht Chomhar Forbartha air laistigh den Roinn).

Siad cuspóirí príomha an Aonaid Luachála agus Iniúchta ná breithmheas a thabhairt ar na córais agus ar na gnáthaimh atá i gceist chun gníomhartha an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus acmhainn na neagraithe le haghaidh úsáid eacnamaíoch, éifeachtach an chiste, a smachtú. Cabhraíonn an fheidhm Luachála le foghlaim ceachta, chomh maith, agus forbairt polasaí laistigh den gClár Cúnamh.

Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta do Rúnaí Ginearálta an Roinn Gnóthaí Eachtracha, agus tá teagmháil rialta coimeáda. Bhuail an Coiste le céile deich n-uaire le linn 2006.

I dteannta leis na cruinnithe seo, thug bail aonaracha an Choiste fúthu seo:

- Freastal ag Seimineár *Dúshláin Reatha i Luacháil Forbartha*, Ollscoil Sussex, Brighton, Deireadh Fómhair 2006 (John A. Jackson);
- Cuairt go Clár Tíre na hAetóipe, Iúil 2006 (John S. Pittock);
- Cur i láthair do Cheannairí (Forbairt) Cruinniú Misin, Baile Átha Cliath, Márta 2006 (John S. Pittock);
- Cur i láthair do chruinniú de chuid Chathaoirligh Coistí Iniúchta Roinn Rialtais, Samhain 2006 (Gerard O'Connor).

Liostálann Aguisín 2 den dtuairisc seo roinnt den doiciméadú a athbhreithníodh agus liostálann Aguisín 3 na cuir i láthair a fuair an Coiste Iniúchta chun go léireofaí a leithne is a bhí gníomhartha an Choiste le linn na bliana.

Le linn 2006, b' iad na gnéithe príomha gur déileáil an Coiste Iniúchta leo ná:

- Tacaíocht Bhuiséid Ghinearálta;
- Tuarascáil Chomhdhlúite Bhliantúil na n-Iniúchta (Tíortha Clár Cúnamh Éireann);
- Leanúint struchtúrach ar chur i bhfeidhm moltaí iniúchta;
- Acmhainní.

Shocraigh an Coiste Iniúchta líon gnéithe tosaíochta le h-aghaidh 2007, agus iad seo san áireamh:

- Tacaíocht Cúnamh Éireann le h-aghaidh VEID/SEIF;
- Ag tomhas Éifeacht Measúnaithe sa Chlár Cúnamh;
- Bainistíocht Riosca sa Roinn;
- Feidhmiú Fráma Oibre Smachta Inmheánach na Roinne;
- Athbhreithniú ar conas a úsáidtear an Fráma Oibre Bainistíochta Eolais;
- Clár Oibre Armónaithe;
- Athbhreithniú Bainistíochta Chúnamh Éireann;
- Acmhainní.

Timpeallacht Iniúchta na Roinne

1. Struchtúr na Roinne

Faoi stiúradh polaitiúil an Aire Gnóthaí Eachtracha, tá an Roinn faoi bhainistíocht an Rúnaí Ginearálta, atá mar an oifigeach cuntasáiochta le h-aghaidh a dhá Vóta – Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) agus Vóta 29 (Comhar Forbartha nó Cúnamh Éireann). Tá tacaíocht á fháil ag an Rúnaí Ginearálta ó Choiste Chomhairleach Bainistíochta (CCB) atá déanta suas de cheannairí Príomh-Rannóga na Roinne.

Tá obair na Roinne roinnte idir trí rannóga déag ag an g-Ceanncheathrú agus 74 oifig taidhleoireachta agus consalach thar sáile (“Misin” a glaoitear orthu), i dteannta le Rúnaíocht Idir-Rialtais Sasanach-Éireannach i mBéal Feirste agus Chomh-Rúnaíocht Chomhairle Airí Thuaidh Theas in Ard Mhacha. I measc na n-oifigí taidhleoireachta agus consalach thar sáile tá ocht gcinn de oifig páirce, san Afraic den gcuid is mó, atá freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar chlár tíre déthaobhach Cúnamh Éireann.

2. Timpeallacht Eachtrach

Feidhmíonn an Roinn Gnóthaí Eachtrach i dtimpeallacht chasta atá ag athrú i gcónaí agus atá cruthaithe ag tionchair Eorpacha agus tionchair idirnáisiúnta níos leithne. Mar sin, chun aidhmeanna a chur i gcríoch, ní ar iarrachtaí na Roinne amháin go bhfuiltear ag braith, ach ar iompar Stát eile, agus aonán eile.

De bharr chastacht na timpeallachta eachtraí, tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil na h-acmhainní atá ar fáil don Roinn imscartha mar is fearr gur féidir. Feidhmíonn an Roinn le dlúth-chomhoibriú le Ranna Rialtais eile go bhfuil cúramaí eachtracha acu, chun cabhrú go h-éifeachtach leis na h-aidhmeanna atá leagtha síos i gClár an Rialtais agus i g-Conradh Páirtíochta i ndiaidh a chéile.

Soláthraíonn Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise, agus Dearbhú Paris (DP) ar Éifeachtacht Cúnaimh, an bunús le h-aghaidh aontais idirnáisiúnta ar cad a chaithfear a dhéanamh chun bochtaineacht a laghdú agus forbairt a chur chun cinn. Leagann Dearbhú Paris, a síníodh ag an Fóram DAC Ard Leibhéal i Feabhra 2005, amach gealltanais agus spriocanna le h-aghaidh deonaithe agus tíortha páirtíochta chun luas éifeachtacht cúnaimh feabhsaithe a mhéadú. Tá an Rialtas tar éis a ghealladh leibhéal an Chúnaimh Forbartha Thar Sáile a mhéadú go 0.7% den OTN roimh 2012, go mbeidh buiséad sa bhreis ar €1 billiún mar thoradh air.

Oibríonn Cúnamh Éireann i dtimpeallacht de riosca mhór, rud atá comónta le deonaithe eile. Mar thoradh air seo, d’fhéadfadh caighdeán an rialaithe agus na gcóras cuntasóireachta i dtíortha agus in eagraíochtaí páirtíochta a bheith níos lú ná mar a bheifeá ag súil leis in Éirinn agus i dtíortha forbartha eile.

3. Adihmeanna Ard Leibhéal, 2005-2007

Siad aidhmeanna ard leibhéal na Roinne, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise don dtréimhse 2007-2007, ná:

Gaol Tuaisceart na hÉireann agus Éire-Sasana	Oibriú le h-aghaidh Chomhaontas Aoine an Chéasta a chur i ngníomh ina iomlán agus feidhmiú leanúnach a institiúidí a go léir, ag cur comhoibriú, tuiscint agus meas ar a chéile chun cinn idir an dá thraidisiún ar an oileán, idir Thuaidh agus Theas in Éirinn, agus idir na hoileáin seo.
Ról na hÉireann sa Domhan	Polasaí eachtrach na hÉireann a chur chun cinn i gcomhréir leis na idéalacha atá cumhdaithe sa Bhunreacht agus i gcomhréir le prionsabail Cairt na Náisiún Aontaithe, trí fhorbairt ár ngaoil déthaobhacha le Stáit eile, ár rannpháirtíocht i b-Polasaí Eachtrach Comónta Slándála an Aontais Eorpach, agus ár rannpháirtíocht ghníomhach agus phrionsabálta in eagraíochtaí idirnáisiúnta.
An tAontas Eorpach	Díol spéise na hÉireann i gcroí an Aontais Eorpach a chur chun cinn agus a chosaint de réir mar leanann sé ag éabhlú agus ag dul i méid, trí bhreis fhorbairt a dhéanamh ar ár gcaidreamh lenár bpáirtithe reatha agus leis na páirtithe a bheidh ann de chuid an AE san áireamh.
Ag Cur Suimeanna Eacnamaíochta na hÉireann Chun Cinn	Trádáil, infheistíocht agus díol spéise eile de chuid na hÉireann a chur chun cinn, lena chultúr san áireamh, ag comhoibriú cóngarach le Ranna eile, le Gníomhaireachtaí Stáit agus leis an earnáil príobháideach, ag deimhniú go gcuireann gréasán Stáit na misean taidhleoireachta agus consalach luach maith leis an tasc seo.
Cúnamh Éireann	Iarracht mhór, éifeachtach a dhéanamh chun Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach, agus ar laghdú bochtaineachta agus fás inmharthana i dtíortha atá ag forbairt, trí pholasaithe agus trí chláir Cúnamh Éireann, agus trí oibriú le h-aghaidh chórais eacnamaíochta idirnáisiúnta atá cóir agus seasmhach.
Seirbhísí Consalach agus Pas	Leas saoránach na hÉireann thar sáile a chosaint agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ceangail le daoine de shinsear Éireannach a chothú agus a neartú, agus seirbhís pas agus consalach nua aimseartha, éifeachtach a sholáthar.

4. Bainistíocht Airgeadais

Ba é caiteachas iomlán na Roinne sa bhliain airgeadais 2006 ná €826.5 milliún, déanta suas de Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) (€227 milliún), agus Vóta 29 (Comhar Idirnáisiúnta) (€599.5 milliún). Tá nádúr an chaiteachais ar gach Vóta an-difriúil. Tá Vóta 28 déanta suas den gcuid is mó de chostais riaracháin, agus tá thart ar 90% den gcaiteachas faoi Vóta 29 bainteach leis an gclár.

5. Eagraithe Iniúchta na Roinne

Tá iniúchadh mar eilimint tábhachtach den bhfráma oibre freagrachta ina oibríonn an Roinn. Siad eilimintí

an iniúchadh, idir inmheánach agus eachtrach, ná:

- An t-Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC)** – a dhéanann iniúchadh ar na Cuntais Leithreasaithe le h-aghaidh gach Vóta, agus a stiúran sannta eile ó am go céile, mar iniúchta luach as an airgead. Tugann an ARCC a thuairiscí do Choiste na g-Cuntas Poiblí.
- Coiste na g-Cuntas Poiblí (CCP)** de chuid na Dála – a dhéanann scrúdú ar thuairiscí an ARCC, agus ag a bhfuil de dhualgas ag Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne a bheith i láthair.
- Comhchoiste Ghnóthaí Eachtracha** – an Oireachtas – ceadaíonn an Coiste seo na Meastacháin do

gach Vóta, a bheidh, ó 2007, á soláthar sa bhformáid *Ráiteas Aschur Bhliantúil* ag nascadh costais le aidhmeanna agus le spriocanna ard leibhéal, agus le comharthaí comhlíonta, tábhachtacha gaolmhara.

4. **Coiste Iniúchta** na Roinne, a dhéanann athbhreithniú agus moltaí ar na pleananna oibre iniúchta agus luachála ilbhliantúla agus a gcur i ngníomh.
5. **An t-Aonad Luachála agus Iniúchta**, atá suite i Stiúrthóireacht Chomhar Forbartha (glaotear Cúnamh Éireann ar ón dtaobh amuigh), déanann siad bainistíocht ar:
 - Feidhm Luachála Cúnamh Éireann. Cuireann an fheidhm seo cultúr na luachála sa Chlár chun cinn, agus cabhraíonn sé le clár forbartha maith, éifeachtach trí fhreagracht a chur chun cinn agus trí cheachtanna a fhoghlaim. Tugann an Fheidhm Luachála faoi chomh-luachála atá dírithe go straitéiseach anois is arís le deonaithe eile.
 - An fheidhm Iniúchta Inmheánach do Vóta na n-Gnóthaí Eachtrach agus Cúnamh Éireann. Déanann an fheidhm seo athbhreithniú ar oibriú na gcóras smachta inmheánaigh agus déanann sé iarracht a dhearbhu faoi cheart-úsáid an chiste phoiblí. Tá tacaíocht á fháil ag an fheidhm Iniúchta Inmheánach le h-aghaidh Chúnamh Éireann ó iniúcháirí inmheánacha bunaithe in oifigí páirce an Chláir Tíre;
 - Athbhreithnithe Luach as an Airgead (féach ar 7. thíos)

Tuairiscíonn Ceannaire an Iniúchta agus Luachála don Oifigeach Cuntasaíochta go díreach do Vóta 28 agus trí Stiúrthóir Ginearálta Chúnamh Éireann le h-aghaidh Vóta 29.

6. **Iniúchtaí Coimisiúnaithe go h-Eachtrach** déanta ag gnóthais atá aitheanta go h-idirnáisiúnta i d-Tíortha Cláir Chúnamh Éireann. I dteannta lena chuid oibre iniúchta inmheánach féin, déanann an t-Aonad Luachála agus Iniúchta a chuid acmhainní a ghiaíil go forleathan trí iniúchtaí a choimisiúnú i d-Tíortha Cláir a dhéanann comhlachta atá aitheanta go forleathan. Tá an tAonad ag braith, chomh maith, ar iniúchtaí páirtithe atá déanta ag comhlachta aitheanta go h-idirnáisiúnta (sa chás go bhfuil siad coimisiúnaithe ag páirtithe), nó ag Iniúcháirí Náisiúnta Ginearálta. Oibríonn Cúnamh Éireann go cóngarach le deonaithe eile chun cabhrú le páirtithe a bhainistíocht airgeadais agus a gcórais cuntasóireachta a neartú, ag leanúint ar aghaidh ó mholtaí an phróisis iniúchta.

7. **Luach as an Airgead agus Tionscnamh Athbhreithnithe Polasaí** – Stiúrann an Roinn Athbhreithnithe Luach as an Airgead faoi Thionscnamh Luach as an Airgead agus Athbhreithnithe Polasaí na Roinne. Faoi mboghta reatha (2006 – 2008), tá an Roinn ag tabhairt faoi cúig athbhreithniú, ag clúdach an dá Vóta.

Ráitis agus Moltaí an Choiste Iniúchta le h-aghaidh 2006

De réir a Chairte, tá obair an Choiste Iniúchta maidir le dhá Vóta na Roinne dírithe ar na h-aicmí seo a leanas:

1. Fráma Oibre Eolais Bainistíochta
2. Smacht Inmheánach
3. Iniúchadh Inmheánach
4. Luacháil
5. Riosca a Aithint
6. Cúrsaí Eagraíochta agus Acmhainne

Tá ráitis agus moltaí príomha an Choiste i leith gach ceann des na h-aicmí seo leagtha amach sa chuid seo den dtuairisc.

1. Fráma Oibre Bainistíochta Eolais

Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh cur i bhfeidhm na moltaí ins an aicme seo ós na seana tuairiscí bliantúla.

Chríochnaigh tionscnamh leathan Fráma Oibre Bainistíochta Eolais (FBE) an Stáit Seirbhíse ag deireadh 2006. Sé an chúis a bhí le forbairt na gcóras faoin FBE ná fócas an bhainistíocht airgeadais a athrú ó ionchuir go h-aschuir agus torthaí, agus an buiséad, monatóireacht, cuntasáíocht, monatóireacht caiteachais agus smacht airgeadais inmheánach a neartú. Mar shampla den athrú fócas seo, agus éilithe ag cinneadh Rialtais, bhí meastacháin na Roinne le h-aghaidh 2007 tugtha don g-Comhchoiste Oireachtais ar Ghnóthaí Eachtracha i bhformáid *Ráiteas Aschur Bhliantúil*. Léiríonn an ráiteas seo na meastacháin atá ceangailte le h-aidhmeanna agus straitéisí ard leibhéal na Roinne, mar atá leagtha amach ina *Ráiteas Straitéise* reatha, le comharthaí comhlíonta cuí chun cruthúnas a thomhas.

Leanfaidh an Coiste ag déanamh maoirseachta ar úsáid eolas bainistíochta ag an Roinn óna chórais (FBE) uasghrádaithe le linn 2007. Caithfidh na córais a bheith neartaithe ag straitéis Bainistíochta Acmhainne Daonna a dhéileáilann go cuimsitheach le h-earcú, le

coinneáil agus le cúrsaí traenála chun an meascán cuí de cháilíochtaí agus de scileanna bainistíochta airgeadais a sholáthar.

I 2006, bhunaigh an Roinn Grúpa Monatóireachta Caiteachais, déanta suas de Chomhordaithe Ranna, chun monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas i gcoinne buiséad le h-aghaidh Vóta na n-Gnóthaí Eachtracha (28). Creideann an Coiste go bhfuil ról tábhachtach ag an ngrúpa seo agus ag an Grúpa Bainistíochta Sinsearach i g-Cúnamh Éireann (freagrach as Vóta 29) i mbainistíocht agus i monatóireacht airgeadais, agus luach as an airgead a aimsiú.

Do fhorbair agus do lainseáil an Roinn a suíomh idirlín le linn na bliana. De bharr an béim ar an dtionscnamh seo, bhí dul chun cinn teoranta ar fhorbairt na Straitéise Bainistíochta Eolais. Creideann an Coiste go gcaithfidh Straitéis Bainistíochta Eolais láidir a bheith mar bhunchloch de straitéisí fáis na Roinne. Soláthraíonn castacht oibreacha na Roinne, leathnú mór an Chláir Cúnaimh agus dílárú Cúnamh Éireann go Luimneach spreagadh breise do fhorbairt bhreise na Straitéise Bainistíochta Eolais.

➤ Molann an Coiste Iniúchta:

- Go bhforbraíonn agus go gcuireann an Roinn a Straitéis Bhainistíochta Eolais i bhfeidhm mar ábhar tosaíochta;
- Go ndéanann an Roinn athbhreithniú ar a Bhainistíocht Acmhainne Daonna chun deimhin a dhéanamh de go soláthraíonn earcú foirne, coinneáil agus straitéisí traenála an fhoireann leis an meascán cuí de cháilíochtaí agus de scileanna a bhaineann le h-airgead chun éifeachtacht na gcóras bainistíochta airgeadais a dhéanamh chomh láidir agus is féidir;
- Go gcoimeádann an Roinn formáid agus úsáid an eolais airgeadais faoi athbhreithniú chun tacaíocht a thabhairt do chinneadh a dhéanamh agus éifeacht bainistíochta a uasmhéadú.

2. Smacht Inmheánach

Cuireann an Coiste Iniúchta fáilte roimh an fócas leanúnach le linn 2006 ar smacht inmheánach a neartú le h-aghaidh Vótaí 28 agus 29.

Tá áthas ar an gCoiste ná raibh aon chnámh spairne ró-mhór ardaithe i dtuairisc an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste, ar na Cuntais Leithghabhála le h-aghaidh an dá Vóta le linn na bliana airgeadais 2005. Ina theannta san, fuair an clár iniúchtaí inmheánacha, a déanadh le linn 2006, ag Misin na Roinne thar sáile go raibh na córais smachta inmheánacha ins na Misin san ag feidhmiú go sásúil, go ginearálta.

Cuireann an Coiste Iniúchta fáilte roimh fhorbairt an Pholasaí Calaoise Rannach agus toisc a chur chuig gach ball foirne. Tá an doiciméad seo mar ráiteas luachmhar de ghnáthaimh na Roinne le h-aghaidh aghaidh a thabhairt ar agus déileáil le gnéithe calaoise ag an Ceannteathrú ag na Misin thar sáile. Tá an Coiste ag súil le forbairt polasaí agus prótacal aontaithe maidir le ócáidí calaoise in eagraíochtaí a bhfaigheann cistí poiblí, go h-áirithe ón gClár Cúnamh Éireann.

Déanfaidh an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar obair fráma oibre smachta inmheánach na Roinne, le roinnt na freagrachta chun deimhin a dhéanamh de éifeacht an fhráma oibre, i 2007.

➤ **Molann an Coiste Iniúchta go mbeidh díriú leanúnach ag an m-Bainistíocht ar athbhreithniú agus ar uasghrádú smachta inmheánaigh, le tuairiscíú struchtúrach don gCoiste ar chloí le fráma oibre smachta inmheánaigh.**

3. Iniúchadh Inmheánach

Do chomhcheangal an Roinn an fheidhm iniúchta inmheánach le h-aghaidh an dá Vóta i 2006 faoi chúram Aonaid Luachála agus Iniúchta Chúnamh Éireann. Molann an Coiste Iniúchta an breith seo, a thugann chomh-leanúnachas agus sineirgí do fheidhm iniúchta na Roinne. Bhí acmhainní Iniúchta Inmheánach neartaithe ag ceapadh cuntasóra cáilithe a bhí sannta do Vóta 28 Tá clár oibre iniúchta, a chlúdaíonn timthriallta il-bhliantúla, forbartha ag an Aonad Luachála agus Iniúchta ag baint úsáid as modheolaíocht bunaithe ar riosca. Dhein an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar an bplean oibre iniúchta le h-aghaidh 2006.

Cuireann an Coiste fáilte roimh an béim láidir ag an Rúnaí Ginearálta agus Bainistíocht Sinsearach ar thábhacht iniúchadh inmheánaigh, agus cur i bhfeidhm moltaí iniúchta agus luachála.

Le linn 2006, dhein an Coiste athbhreithniú ar Thuairiscí Comhdhlúite Cúnamh Éireann de Iniúchta Oifige Thar Sáile (glaoitear Tuairisc Achoimre air, chomh maith) le h-aghaidh 2003 agus 2004. Tá an Tuarascáil Chomhdhlúite mar achoimre ar thuairiscí iniúchta ar chaiteachas Tír Cláir Vóta 29 a bhí tabhaithe go díreach ag Cúnamh Éireann, agus (go h-índíreach) trína Rialtais agus a Ghníomhaireachtaí páirtíochta. Déanann an tuarascáil coimriú ar na h-ábhair thábhachtacha a thagann suas, agus déanann sé doiciméadú, chomh maith, ar na torthaí agus ar na moltaí sonrithne do gach tír. Tá clúdach iniúchta bainte amach trí:

- Obair iniúchta inmheánach déanta ag an Aonad Luachála agus Iniúchta;
- Iniúchtaí eachtracha ar chaiteachas, atá coimisiúnaithe faoi threoir an Aonaid Luachála agus Iniúchta, agus atá déanta ag comhlachta iniúchta agus cáil idirnáisiúnta acu;
- Bheith ag braith ar iniúchtaí eachtracha de pháirtithe, a dhéanann comhlachta idirnáisiúnta (sa chás atá coimisiúnaithe go díreach ag páirtithe) nó Iniúcháirí Náisiúnta Ginearálta.

Tá iniúchadh ar chaiteachas indíreach chlár ag braith níos mó ar iniúchtaí eachtracha. Tá leibhéal an chhlúdaigh iniúchta bainte amach sa réigiún timpeall 85%. Tá an Coiste buartha go n-implíonn an Tuarascáil Comhdhlúite go bhfuil an caighdeán leanúnach lag i dtaobh smachta inmheánaigh agus na dúshláin cumais atá ag teacht in eagraíochta páirtíochta. Mar thoradh air seo, tá líon mór tuairiscí iniúchta cáilithe ó pháirtithe.

Cuireann an Coiste fáilte roimh an Tuarascáil Chomhdhlúite tráthúil. Ach ag am gcéanna, tuigean siad go mbeidh roinnt moill ina fhoilsiú, de bharr go bhfuil a lán des na tuairiscí a bhfaightear ó pháirtithe déanta ag Iniúcháirí Ginearálta Náisiúnta, agus nílid faoi smacht díreach Cúnamh Éireann. Toisc an leibhéal go bhfuiltear ag braith níos mó ar iniúchtaí páirtithe a dhéanann na h-Iniúcháirí Náisiúnta Ginearálta, measann an Coiste go bhfuil sé tábhachtach go dtugann Cúnamh Éireann, ag comhoibriú le deonaithe eile, tacaíocht do neartú cumas na n-institiúidí iniúchta seo.

Comharthaíonn an claonadh, atá ag dul i gcoitiantacht, i dtreo oibriú trí córais rialtais i dtíortha páirtíochta go leanfaidh smacht inmheánach agus gnéithe cumais ins na tuairiscí iniúchta i bhfad amach sa todhchaí. Tuigean an Coiste go mbeidh rannpháirtíocht leanúnach ag deonaithe le páirtithe, agus iad ag obair as láimh a cheile, riachtanach chun próiseas na comhpháirtithe a neartú. Cuireann an Coiste fáilte roimh ceapachán Saineolaí Bainistíochta Airgeadais Earnáil Poiblí i g-Cúnamh Éireann le déanaí, rud a neartódh a chumas chun páirt a ghlacadh ins na cúrsaí seo.

Tugann an Coiste faoi ndeara, maidir le h-Eagraíochtaí Iltaobhacha agus Sochaí Sibhialta, go bhfuil Cúnamh Éireann tar éis bheith ag braith ar córais iniúchta na n-eagraíochtaí seo, le cabhair bhreise ó athbhreithnithe faoi leith de iniúchta agus de shocruithe maoirseachta, gur thug an t-Aonad Luachála agus Iniúchta fúthu. Cuireann an Coiste fáilte roimh moladh an Aonaid Luachála agus Iniúchta chun a chur chuige i dtaobh iniúchta ins na h-aicmí seo a dhéanamh foirmiúil i 2007.

Cuireann an Coiste Iniúchta fáilte roimh tosú clár iniúchta inmheánaigh Vóta 28 a dhírigh, i 2006, ar Ambasáidí thar sáile. Bhí iniúchadh Ambasáide (Pretoria) amháin déanta ag an Aonad Luachála agus Iniúchta ag comhoibriú leis an Aonad Cigireachta. Admhaíonn an Coiste caighdeán na dtuairiscí cigireachta agus iniúchta ón sannadh seo agus molann siad go mbeadh chomh-chigireacht agus cuairteanna iniúchta ó am go chéile i gclár oibre an todhchaí. Tá an Coiste ag súil, chomh maith, go gcuirfí an straitéis iniúchta agus plean oibre il-bhliain ar bhonn foirmiúil don Vóta seo.

Faoi láthair, tá freagraí bainistíochta faighte le h-aghaidh na moltaí iniúchta ar fad. Cuireann an Coiste fáilte roimh na córais a bhunaigh an Roinn chun leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm na moltaí, le ceapachán Oifigeach Rianaithe Moltaí Iniúchta san áireamh, le freagracht as cúrsaí a bhaineann leis an g-Ceanncheathrú. Cuireann an Coiste fáilte, chomh maith, roimh bhunú córas tuairisceoireachta foirmiúil ag an Aonad Luachála agus Iniúchta, ó oifigí páirce Chúnamh Éireann go dtí an Aonad, chun cur i bhfeidhm na moltaí a rianú, a bhaineann leis na h-oifigí páirce, agus leis na h-eagraíochtaí páirtíochta. Tá an Coiste ag súil le tuairisceoireacht struchtúrach, rialta chuige ar stádas mholtaí iniúchta.

Cuireann an Coiste fáilte roimh ghealladh Cúnamh Éireann ar athbhreithniú cuimsitheach de phróisis ceadaithe na gclár i 2007. Tá athbhreithniú dá leithéid an-tráthúil anois toisc an leathnú clár an-thábhachtach le déanaí agus an láimhdeachas foirme a lean an dilárú. Tá sé ag súil le neartú próisis ceadaithe Chúnamh Éireann, gur chóir a bheith comhaontaithe, caighdeánaithe agus cuimsitheach, agus nasctha le h-eagraithe smachta bhuiséid foirmiúil na h-eagraíochta. Cuirfidh athbhreithniú na bpróiseas ceadaithe Athbhreithniú Bainistíochta Chúnamh Éireann ar a eolas, faoi mar a mholfar sa Pháipéar Bán, a bheidh á dhéanamh i 2007.

➤ Molann an Coiste Iniúchta:

- Go mbeidh an straitéis iniúchta agus an plan oibre ilbhliantúil, le h-aghaidh Vóta 28, curtha i gcríoch agus ceadaithe ag an Rúnaí Ginearálta;
- Gur chóir córas neartaithe chead, nasctha le gnáthaimh smachta buiséid a bhunú chun tacaíocht a thabhairt do bhainistíocht an Chláir Chúnamh atá ag Go leanann na h-aonaid Luachála agus Iniúchta agus na hAonaid Chigireachta ar aghaidh ag tabhairt faoi chomh-chigireacht agus sannta iniúchta, ó am go chéile, ar mhisin;
- Gur chóir go mbeadh tuairiscí stádais rialta soláthraithe don gCoiste Iniúchta maidir le stádas moltaí iniúchta a bhaineann leis an g-Ceanncheathrú, le Misin agus le h-eagraíochtaí páirtíochta;
- Toisc an leibhéal mór cistíochta a sholáthraíonn Cúnamh Éireann do pháirtithe Rialtais, gur chóir do Chúnamh Éireann leanúint lena chuid iarrachtaí, ag comhoibriú le deonaithe eile, chun déileáil le laigí iniúchta agus córais smachta inmheánaigh na bpáirtithe a neartú;
- Go dtugann Cúnamh Éireann, ag comhoibriú le deonaithe eile, tacaíocht do neartú chumas Oifigí Iniúchóirí Náisiúnta Ginearálta i dtíortha páirtíochta.

4. Luacháil

Tá sé creidte le fada gur feidhm phríomha i gClár Cúnamh Éireann é an Luacháil. Ach, níl feidhm luachála bhunaithe ag Vóta 28, laige atá aige mar aon lena lán Ranna Rialtais eile. In ainneoin seo, tá athbhreithnithe déanta ag líne Ranna Vóta 28 éagsúla mar chuid de Thionscnamh Luach as an Airgead agus Athbhreithniú Polasaí. Ins an gcomhthéacs seo, tá áthas ar an gCoiste go bhfuil freagracht tugtha don Aonad Luachála agus Iniúchta as bainistíocht Tionscnamh Luach as an Airgead agus Athbhreithniú Polasaí do Vóta 28, rud a chuirfidh le forbairt chultúr luachála an Vóta san sa todhchaí. Dá bharr san baineann na ráitis a leanann le Cúnamh Éireann, ar an mór gcóir.

Tá an Roinn tiomanta do chúig cinn de athbhreithnithe, ag clúdach an dá Vóta, faoin mbabhta reatha (2006 go 2008) de Thionscnamh athbhreithniú Polasaí agus Luach as an Airgead. Tá an Coiste Iniúchta sásta le tiomantas na Roinne do Thionscnamh LAA agus do Thionscnamh Athbhreithniú Polasaí, agus, go h-áirithe leis an gcinneadh díriú áiteanna tábhachtacha straitéise. Tá na h-athbhreithnithe bainteach le:

- Tacaíocht Chúnamh Éireann do Thíortha gur Chuir an Tsunami isteach Orthu (críochnaithe);
- Tacaíocht Chúnamh Éireann do Chúnamh Forbartha do Mhósaimbíc;
- Tacaíocht Chúnamh Éireann do VEID/SEIF;
- Tacaíocht do Imircigh Éireannacha thar lear (Vóta 28);
- Seirbhís na b-Pas (Vóta 28).

Dhein an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar Dhé-Luacháil Tacaíochta an Bhuiséid Ghinearálta do Bhuiséid náisiúnta Thíortha an Chláir. Luacháil an-mhór ab ea é seo a bhí déanta ag grúpa comhairleoirí le tacaíocht ó 23 deonaí agus Cúnamh Éireann. Bhí seacht gcinn de thíortha clúdaithe ag an luacháil agus ina measc bhí trí cinn de thíortha chlár Chúnamh Éireann: An Mhósaimbíc, Uganda agus Vietnam. Dhein treoraí na foirne luachála léiriúchán ar an ábhar don gCoiste a dhírigh ar na torthaí príomha agus aird ar leith tugtha do dhearadh, do rioscaí agus do mhonatóireacht oibre.

Fuarthas amach ó dhé- luacháil Thacaíocht Bhuiséad Ghinearálta go bhfuil sé tar éis feabhas mór a chur ar dhíriú na cabhrach chuig Straitéisí Laghdaithe Bochtaineachta náisiúnta, gur chabhraigh sé le muintearas agus gur fheabhsaigh sé an caidreamh idir rialtais agus a bpáirtithe cúnaimh. Chruthaigh sé, chomh maith, go bhfuil cúnamh a dháiltear trí chórais rialtais tar éis bainistíocht airgeadais phoiblí a neartú ach, chomh maith, an chaoi a thabhairt do rialtais cistíocht a leithdháileadh ar chuma níos fearr chuig tosaíochta Straitéise Laghdaithe Bochtaineachta agus comhardú níos fearr a bhaint amach idir chaiteachas leanúnach agus caiteachas caipitil. Bhí sé le feiceáil ón luacháil go bhfuil dlúth-cheangal idir an éifeacht,

ag deireadh bháire, a bhíonn ag Tacaíocht Bhuiséid Ghinearálta bochtaineacht a laghdú, agus an caighdeán Straitéis Laghdaithe Bochtaineachta, a tacaíonn sé leis. Thug an tuarascáil faoi ndeara, chomh maith, os rud é go raibh an taithí leis an sort tacaíochta airgeadais seo réasúnta nua, go raibh se ró-luath a éifeacht ar laghdú na bochtaineachta, ag deireadh thiar thall, a mheas.

Tá an Coiste Iniúchta den dtuairim go bhfuil na modhanna nua cúnamh, mar Thacaíocht Bhuiséid Ghinearálta, ag ardú raon nua dúshlán go gcaithfear a aithint agus dul i ngleic leo agus cuireann sé fáilte roimh an pháirt a ghlacann Cúnamh Éireann i ndé-luachála dá leithéid. Ceapann an Coiste, cé nach leagann tuarascáil na Dé-Luachála amach go soiléir an chritéir chun páirt a ghlacadh i d-Tacaíocht Bhuiséid Ghinearálta, gur chóir do Cúnamh Éireann critéir dá chuid féin a fhorbairt do úsáid an mhodha seo. Tá gá le soiléiriú, chomh maith ar cad é, go díreach, a chiallaíonn Tacaíocht Bhuiséid Ghinearálta. Ina theannta san, de bharr an ghaoil ghairid oibre atá aige le Bord Comhairleach Chúnamh Éireann, déanfaidh an Coiste Iniúchta athbhreithniú rialta ar thionchar agus ar éifeacht Thacaíocht Bhuiséid Ghinearálta, mar mhodh cúnamh.

Shochraigh Ráiteas Paris, a bhí sínithe ag Fóram Ard Leibhéal OECD-DAC i Feabhra 2005, tiomantais agus aidhmeanna do thíortha deonacha agus páirtíochta chun luas feabhsaithe éifeacht an chúnamh a bhrostú. Tá an comhaontas seo ag iarraidh seachada an chúnamh píosa ar phíosa a laghdú. Spreagann sé deonaithe chun na polasaithe feidhmithe, gnáthaimh agus cleachtais a gcuid institiúidí a chur ar aon dul leis na córais atá i dtíortha a bpáirtithe chun éifeacht na forbartha cúnamh a fheabhsú agus cabhrú le Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise (AFM) a shroicheadh. Tá deonaithe dáiríre leis faoi iarrachtaí dúbailte a sheachaint agus a bheith ciallmhar ina ngníomhaíochta chun go mbeidís chomh h-éifeachtach is a fhéadfaidís.

Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh iarrachta Chúnamh Éireann, mar chuid de grúpa deonaithe Nordic+ chun oibriú laistigh den AE agus leis an mBanc Domhanda agus le gníomhaireachta eile chun an ts lí láimhseála

na monatóireachta, na tuairisceoireachta agus na freagrachta a ionannú.

Tá an Coiste tar éis a thabhairt faoi ndeara cheana an easpa sonraí a thabharfadh tuairim éigin faoi aschuir, faoi thorthaí agus faoi thionchar na gclár agus na dtionscnamh urraithe agus maoinithe ag an Roinn. Tugann an t-ardú breise maoinithe, atá le bheith caite ins na blianta romhainn amach, de réir mar a fhasann sé go dtí an 0.7% de sprioc OTN, dúshlán do Chúnamh Éireann torthaí a léiriú ar bhonn leanúnach. I gás an ní seo, fáiltíonn an Coiste roimh tionscnamh nua an Bhoird Chomhairligh do Chúnamh Éireann ar chur i bhfeidhm a thomhas, agus tá sé ag súil le toradh na h-oibre seo.

Tugann An Coiste aird air agus fáiltíonn sé roimh cheapachán Cheann an Aonaid Luachála agus Iniúchta do Chathaoir Ghréasáin an Choiste Chabhrach Forbartha de chuid an OECD ar Luacháil na Forbartha.

Thug an Ciste Iniúchta faoi ndeara gur críochnaíodh cúig cinn des na sé cinn de staidéir a coimisiúnaíodh ag Cinn na Luachála Forbartha de bhaill Stáit an AE. Bhí na Luachála seo dírithe ar scrúdú agus ar mheasúnú an ról a bhí ag rialacha Chonradh Maastricht [comhordú, comhlántacht, chomh-leanúnachas (3C '-na)], i bpolasaithe comhoibrithe forbartha agus i ngnóthaí de chuid an AE. Bhí de aidhm ag na staidéir, chomh maith, a fháil amach chomh fada is a bhí na rialacha seo curtha i bhfeidhm go praiticiúil agus cén toradh a bhí leo. Bé an aidhm phríomha ná fianaise, ceachtanna agus moltaí a fháil chun caighdeán agus éifeacht cúnamh forbartha na h-Eorpa a neartú sa todhchaí. Bhí raon na n-ábhar ag dul ó scrúdú ar na 3C '-na i gcúnamh daonna agus forbairt áitiúil, go dtí straitéis phleanála tíortha, agus chomh-leanúnachas polasaí.

Cuireann an Coiste Iniúchta fáilte roimh an ní go bhfuil dhá cheann des na staidéar seo, ach go h-áirithe an ceann dár dteideal 'Luacháil Comhordaithe agus Chomh-Leanúnachas Chúnamh Eorpach do Fhorbairt Áitiúil', á dtacú ag Cúnamh Éireann.

Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh fhorbairt dréachta ar Ráiteas Polasaí ar Luacháil ag Cúnamh Éireann agus táid ag súil lena mholadh agus a fhoilsiú i 2007.

Moltar an dul chun cinn déanta i gcur i bhfeidhm agus i mbainistíocht phlean luachála ilbhliantúil an Aonaid Iniúchta agus Luachála. Tuigeann an Coiste go bhfuil plean oibre an Aonaid faoi laincis do-sheachanta ag acmhainní teoranta a fhoirne. Nuair a beifear ag forbairt a chéad plean oibre eile ba mhaith leis an gCoiste na nithe seo a leanas a bheith ar an gclár chun iad a phlé:

- Traenáil agus Forbairt na Foirme, le h-éifeacht traenála foirme le linn na h-oibre san áireamh;
- Clár Riosca Traenála na Roinne.

➤ Molann an Coiste Iniúchta:

- go dtabharfaí aire mhaith do cheachtanna a fhoghlaim ó luachála dhé-dheonaithe ar Thacaíocht Bhuiséid Ghinearálta agus go smaoinodh an Bhainistíocht go beo ar impleachtaí an pholasaí chúí;
- gur chóir ráiteas soiléir a bheith curtha le chéile ar chritéir faoina bheadh baint ag Cúnamh Éireann le Tacaíocht Bhuiséid Ghinearálta;
- go leanfadh An t-Aonad Iniúchta agus Luachála go géar an obair thaighde coimisiúnaithe ag Bord Comhairleach Chúnamh Éireann ar mheasúnú chur i bhfeidhm;
- gur chóir go gcuimhneodh Cúnamh Éireann, i gcomhthéacs an chláir armónaigh, agus de réir mar a ghluaiseann deonaithe i dtreo speisialtóireacht ins na rannóga, díriú ar áiteanna go bhfuil nirt sonracha aige, chun an úsáid is fearr a bhaint as na h-acmhainní atá aige.

5. Comhartha aitheantais Riosca

Toisc an timpeallacht ina n-oibríonn an Clr Cúnaimh, tá dearcadh an Choiste iniúchta faoi chúrsaí riosca dírithe ar Chúnamh Éireann.

Beidh méadú an-mhór ar chaiteachas faoi Vóta 29 de bharr an ghealltanais a thug an Taoiseach i Meán Fómhair 2005 ar sprioc-phointe de 0.7% den OTN a shroicheadh faoi 2012. Leanann a lán dúshlán é seo. Ina thaobh seo, fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh an Athbhreithniú Bainistíochta ar Chlár Cúnamh Éireann, á fhógairt sa Pháipéar Bán, mar ionstraim chúí chun forbairt a dheimhniú ar struchtúr agus ar fheidhmeanna na bainistíochta a thacóidh le fás agus le leathnú an chláir. Tá an Coiste den dtuairim go bhfuil an t-athbhreithniú bainistíochta seo fíor-thábhachtach do thodhchaí an Chláir Cúnaimh, agus déanfaidh sé monatóireacht ar a dhul chun cinn i rith na bliana.

Fáiltíonn an Coiste roimh an dul chun cinn déanta ar fhorbairt Phlean Straitéiseach Forbartha Gnó do Chúnamh Éireann le linn 2006 agus tá sé ag tnúth lena chríochnú i 2007.

Thosaigh dílárú Chúnamh Éireann go Luimneach le h-imeacht, i bpáirt, na Stiúrthóireachta go h-oifigí sealadacha i Bealtaine 2007 agus leanfaidh aistriú iomlán go dtí oifigí buana, go luath i 2008. Tá an Coiste Iniúchta tar éis a bhuaire a chur in iúl cheana faoi na rioscaí a bhaineann leis an dílárú do sheachada Clár Cúnaimh de ard caighdeán. Déanfaidh an Coiste dian-mhonatóireacht ar phróisis an díláraithe. Tabharfaidh sé aird, ach go h-áirithe ar a bhfuil déanta faoi fhoireann le taithí agus le cáilíocht a choimeád, agus athruithe sa bhfoireann a ísliú agus na rioscaí don Chlár Cúnaimh ina leithéid de athrú a ísliú, chomh maith.

Ceapann an Coise Iniúchta gur chóir ráiteas polasaí a bheith foilsithe ag insint faoi sheasamh an Choiste i leith na rioscaí a bhaineann le feidhmiú Chlár Cúnaimh le raon leathan modúl cúnaimh i réimse tír atá ag teacht chun forbartha. Ba chóir go mbeadh teachtaireacht sa ráiteas go mbaineann riosca, go dlúth, le timpeallacht cúnaimh forbartha, agus nach féidir le Cúnaimh Éireann seasamh frith-riosca a ghlacadh agus Clár éifeachtach, ceann-ródach á sheachada aige. Ba chóir don ráiteas an cur síos ar nádúr na rioscaí, atá os comhair Cúnaimh Éireann, a leathnú mar aon leis na straitéisí bainistíochta riosca atá ag an eagraíocht chun na seansanna go dtarlódh aon rud a ísliú, nó, dá dtarlódh, an toradh a ísliú.

Tuigeann an Coiste go bhfuil contúirt na calaoise mar chuid de thimpeallacht chúnaimh fhorbartha. Cuireadh in iúl don gCoiste Iniúchta go bhfuil uimhir bheag líomhaintí calaoise in eagraíochtaí páirtíochta, go bhfuil cistíocht faighte acu ó Chúnamh Éireann, faoi iniúchadh ag an Aonad Luachála agus Iniúchta. Molann an Coiste go ndeimhneoidh Cúnaimh Éireann go bhfuil a chórais bhainistíochta inacmhainne chun: (a) an baol go dtarlódh calaois a ísliú chomh fada agus is féidir agus (b) ócáidí calaoise in eagraíochta páirtíochta a iniúchadh agus gníomhú dá réir in am tráth.

Tugann an Coiste Iniúchta faoi ndeara go bhfuil méadú mór beartaithe ar Mhaoiniú Cúnaimh Éireann do eagraíochta iltaobhacha. Molann an Coiste go ndéanann Cúnaimh Éireann athbhreithniú ar a straitéis bhainistíochta riosca agus ar a fhráma oibre monatóireachta chun a dheimhniú go bhfuilid in oiriúint do leibhéal ardaithe na cistíochta iltaobhaí.

Tugann an Coiste faoi ndeara gur ábhar buartha é fós próiseas feabhsaithe chóras smachta airgeadas inmheánach na bpáirtithe, ina gcaithfeadh foirne bainistíochta agus iniúchta, atá ag obair le deonaithe eile i gcomhthéacs an Chláir Armónaigh de chuid Ráiteas na Róimhe agus Paris, a bheith gafa leo i gcónaí. Níorbh fholáir próiseas teacht i láthair

comhtháite i gcás gnéithe smachta faoi fhorbairt agus faoi airgeadas chun a chinntiú go bhfuil cúnaimh as Éirinn caite go h-éifeachtach.

Cuireann an Coiste béim arís ar a anailís gur chóir cruthú fostaíochta a bheith mar an ghné phríomha sa bhforbairt inmharthana. Tuigeann an Coiste leis gur aithníodh an earnáil phríobháideach mar chuid tábhachtach sa Pháipéar Bán ar Chúnamh Éireann. Tá áthas air a thabhairt faoi ndeara an taca leanúnach atá do fhorbairt san earnáil phríobháideach go h-áirithe:

- Tá Cúnaimh Éireann tar éis tacaíocht a thabhairt do bhunú Traidlinks, ENN nua de chuid na h-earnála príobháidí go bhfuil de aidhm aige oibreacha na h-earnála príobháidí i d-Tíortha ár gClár a fheabhsú trí aistriú scileanna agus eolais ó chomhlachtaí Éireannacha.
- Tabharfaidh Cúnaimh Éireann infheistíocht do Áisíneacht Infheistíochta Aoráide, gur iontaobhas neamhspleách é, á chur chun cinn agus faoi smacht ag an earnáil phríobháideach agus a mhaoiniú ag lucht gnó, tíortha an G8, agus ag gníomhaireachta déthaobhacha agus iltaobhacha.
- Socróidh Polasaí Earnála Príobháidí Cúnaimh Éireann, atá curtha le chéile, nach mór, fráma oibre tacaíochta do Chúnamh Éireann toisc go dtuigtear go dtéann réimse leathan ceisteanna i bhfeidhm ar fhorbairt na rannóige príobháidí.

➤ Molann an Coiste Iniúchta:

- Go bhfoilsíonn Cúnaimh Éireann ráiteas polasaí a leagann amach seasamh Cúnaimh Éireann ar bhainistíocht na rioscaí a bhaineann le maoirsiú Chlár Cúnaimh ilghnéitheach;
- Go leanann Cúnaimh Éireann ar aghaidh, trína fhoireann bhainistíochta agus a fhoireann iniúchta inmheánach ag saothrú amuigh, ag obair le h-eagraíochta páirtíochta chun córais smachta inmheánacha a neartú chun a dheimhniú go gcaitear an ciste go h-éifeachtach;
- Go gcuireann an Roinn, chun cur lena pholasaí faoi chalaos, a foilsíodh le déanaí, polasaí

foirmiúil le chéile, go mbeidh gnéithe faoi thuairisciú agus faoi fhiosrú ann, chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe calaoise atá ar siúl in eagraíochta páirtíochta atá ag fáil cistíochta poiblí Éireannaigh;

- Gur chóir do Chúnamh Éireann a dheimhniú, de shíor, go bhfuil a chórais bhainistíochta maith go leor chun: (a) an seans go dtarlódh calaois a laghdú, chomh mór agus is féidir, agus (b) calaois a fhiosrú in eagraíochta páirtíochta agus déileáil leis chomh tapa agus is féidir;
- Go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm Chlár agus Polasaí Riosca Bainistíochta na Roinne;
- Go dtógtar na cláir riosca suas chun dáta go rialta agus go ndéantar nóta de fhreagra na Bainistíochta ar an riosca aitheanta agus go mbeidh sé ar fail don Choiste Iniúchta ag eatrainmh rialta;
- Go ndéanann Cúnamh Éireann athbhreithniú ar a straitéis bhainistíochta riosca agus ar a fhráma oibre monatóireachta chun deimhin a dhéanamh de go bhfuilid in oiriúint do leibhéal ardaithe na cistíochta iltaobhaí;
- Go gcinntíonn Cúnamh Éireann go bhfuil cruthú na fostaíochta mar cheann de aidhmeanna príomha san fhorbairt inmharthana.

6. Ábhair Eagrúcháin agus Acmhainne

Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh na h-iarrachtaí déanta i 2006 chun acmhainní an Aonaid Luachála agus Iniúchta a neartú agus roimh cheapachán iniúcháin faoi leith do Vóta 28, ach go h-áirithe. Tá laicisí fós ar an Aonad ó thaobh foirme de ach tá áthas ar an gCoiste go méadófar acmhainní an iniúchta le beirt bhreise ar an bhfoireann i 2007. Idir an dá linn, chun teacht timpeall ar an easpa foirme, úsáideann sé taca comhairliúcháin le taithí chun a phlean aontaithe a chur i gcríoch. Éalaíonn fás tapa an Chláir Chúnamh thar na blianta romhainn go ndéanfar athbhreithniú rialta agus méadaithe mar is cuí chun luacháil éifeachtach agus clúdach iniúchta a eiseachada.

Tá an Coiste Iniúchta den dtuairim go bhfuil ceart-úsáid foirme cáilithe, oilte agus éifeachtach fíor-riachtanach chun go gcuirfeadh aon eagrais a aidhmeanna agus a sprioc-phointe i gcríoch. I dtaobh oifigigh páirce Chúnamh Éireann, agus mar atá le Misin eile na Roinne thar sáile, úsáidtear foireann taidhleoireachta agus speisialta faoi chóras ceaptha pleanáilte. Ábhar buartha don gCoiste é an riail faoi bhail na foirme a mhalartú de réir an cheaptha phleanáilte go mbainfeadh sé na cosa faoi bhainistíocht na g-Clár Tíortha dé-thaobhach.

Tugann an Coiste Iniúchta faoi ndeara gur dhein an Roinn Airgeadais athbhreithniú ar Thraenáil Phroifisiúnta Airgeadais san Stát Seirbhís faoin d-Tionscnamh Fráma Oibre Eolais Bhainistíochta. Ceapann an Coiste go bhfuil sé ion-mholta go soláthródh na córais bhainistíochta acmhainn daonna forbairt chúil shlí bheatha do fhoireann cháilithe phroifisiúnta i réimse an airgeadais, chun éifeacht na gcóras faoin bhFráma Oibre Bhainistíochta a bhuanú

Ina Thuairisc Bhliantúil i 2005, mhol an Coiste Iniúchta go ndéanfadh Cúnamh Éireann smaoineamh go domhain go mbeadh saineolaithe tábhachtacha i láthair na mór-éigeandála. Fáiltíonn an Coiste anois roimh sheoladh na Roinne ar Thogra Láithreach Cabhrach (TLC) ar éigeandáil gan coinne. Sé atá i gceist sa Togra ná:

- Réamh-shuíomh agus iompair soláthairtí daonnúla do cheantair éigeandála, mar is cuí;
- Clár de dhaoine ard oilte, ó na rannóga poiblí agus príobháideacha, agus na fórsaí cosanta san áireamh, chun iad a chur amach, gan mhoill, chun cabhrú i gcúrsaí éigeandála;
- Maoiniú ar inniúlacht freagra éigeandála, neartaithe laistigh des na N.A, an Chros Dearg agus teaghlaigh ENR.

Cuireann an Coiste fáilte roimh bhunú Ionad nua Géarchéime ins an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Deimhneoidh an áis seo go mbeidh áis den scoth

ag an Roinn chun déileáil le riachtanais Saoránach Éireannach gafa i gcúrsaí éigeandála thar lear. Molann an Coiste an freagra láidir ó fhoireann na Roinne ar an nglaoch chun obair dheonach a dhéanamh ag an Ionad.

Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh an Athbhreithniú Bainistíochta Pleanáilte ar Chúnamh Éireann, mar a fógraíodh sa Pháipéar Bán, a déanfar le linn 2007. Scrúdóidh an t-athbhreithniú seo struchtúr na bainistíochta agus feidhmeanna Chúnamh Éireann d'fhonn deimhin a dhéanamh de gur féidir leis tacú le fás an Chláir Chúnaimh sa todhchaí ina mbeidh caighdeán agus freagracht den scoth ann. Creideann an Coiste go dtabharfaidh an t-athbhreithniú seo, a bheidh ar siúl i dteannta leis an Roinn Airgeadais, mar dheis an-mhaith chun rud éigin a dhéanamh faoi dhúshláin mhóra acmhainn foirne atá ann faoi láthair sa Chlár.

Mholfadh an Coiste Iniúchta don Athbhreithniú Bainistíochta scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe struchtúir eagraíochta i dtaobh Chláir Cúnamh Éireann i dtreo is go ndeimhneofaí go bhfuil Cúnamh Éireann go maith in ann Clár Cúnaimh éifeachtach a sheachada leis an mbuiséad ag méadú. Tá sé fíor-riachtanach go leanfaidh gníomhartha, i ndiaidh an Athbhreithnithe Bhainistíochta, a dheimhneoidh go ndéanfar bainistíocht ar Chúnamh Éireann de réir an chleachtais is fearr le córais éifeachtacha ar an údarás a tharmligean.

Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh Thuarascáil Townsend a dhein athbhreithniú ar struchtúir agus ar chórais bhainistíochta i Misin Chúnaimh Éireann i d-Tíortha an Chláir. Beidh ionchur ag an dtuarascáil san Athbhreithniú Bainistíochta.

Tá riosca, ó thaobh acmhainní, bainteach le próiseas an díláithrithe go Luimneach a thosaigh i 2007. Tá amhras ar an gCoiste Iniúchta:

- go bhfuil dea-bhainistíocht ag an bpróiseas, ina bhfuil monatóireacht ghéar ar riachtanais traenála pearsanra nua agus na hacmhainní a sholáthar chuige sin;

- go bhfuil an Roinn ag íoslaghdú cailteanas pearsanra tábhachtach ag am criticiúil go bhfuil méadú suntasach ar an mbuiséad agus ar chlár;
- nach mbeidh baol ar an gceangal idir chúnamh agus gnéithe eile de pholasaí eachtrach agus éifeacht na bainistíochta;
- go ndéanfar uasmhéadú ar chostais teagmhála agus taistil.

➤ Molann an Coiste Iniúchta:

- Go scrúdaíonn Athbhreithniú Bainistíochta Chúnamh Éireann gnéithe struchtúr na heagraíochta chun a dheimhniú go mbeidh Cúnamh Éireann ullamh go maith chun Clár Cúnaimh éifeachtach a sheachada leis an mbuiséad atá ag dul i méid;
- go ndéantar athbhreithniú rialta ar leibhéal na foirne san Aonad Iniúchta agus Luachála de chuid an Roinn Gnóthaí Eachtracha, chun luacháil chuimsitheach agus clúdach iniúchta a dheimhniú, go háirithe i gcás bhuiséid atá ag dul i méid;
- go ndéanfaí athbhreithniú ar phróisis earcaíocht foirne chun a dheimhniú go ndéantar é laistigh de achar ama níos giorra;
- go ndéanann An Coiste Iniúchta agus An t-Aonad Iniúchta athbhreithniú rialta ar riachtanais inmheánacha iniúchta gach ceann des na h-oifigí i d-Tíortha an Chláir, agus go gcuireann an Bhainistíocht aon mholtaí i bhfeidhm, láithreach, i dtaobh aon phoist ins na h-oifigí thar sáile;
- nár chóir go rachadh an córas ceaptha foirne taidhleoireachta agus speisialtóireachta i bhfeidhm, trí an iomad aistrithe, orthu san atá ag bainistiú Clár Tíortha dé-thaobhacha in oifigí páirce Chúnamh Éireann;
- go bpléitear torthaí agus moltaí Tuarascáil Townsend, a dhein measúnú ar leibhéal foirne i d-Tíortha Chláir, le linn an Athbhreithniú Bainistíochta;
- go ndéantar gach iarracht ar fhoireann institiúideach agus speisialtóireacht forbartha a choimeád i g-Cúnamh Éireann nuair a dhí-láraíonn siad go Luimneach.

Aguisíní

Aguisín 1 – Dátaí cruinnithe an choiste iniúchta

8ú Feabhra 2006

8ú Márta 2006

19 Aibreáin 2006

16ú Bealtaine 2006

22ú Bealtaine 2006

28ú Meithimh 2006

13ú Meán Fómhair 2006

18ú Deireadh Fómhair 2006

9ú Samhna 2006

13ú Nollag 2006

Ina dteannta san bhí seisiúin eile oibre le linn na bliana

Aguisín 2 – Doiciméid a phléigh an Coiste

2003 Tuarascáil Chomhdhlúite na n-Iniúchta

2004 Tuarascáil Chomhdhlúite na n-Iniúchta

An Tsunami: Éire agus an Iarracht Aisghabhála

Athbhreithniú Caiteachas Poiblí ar Thacaíocht Chúnaimh Éireann do Oideachas in Uganda agus sa tSaimbia.

Tuarascáil an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na Cuntais Leithreasa

Dé-Luacháil ar Thacaíocht Bhuiséid Ghinearálta don Tansáin, 1995-2004

Tuarascáil ar Iniúchadh Chothú agus Taistil

Tuarascáil ar Dhé- Luacháil ar Thacaíocht Bhuiséid Ghinearálta

Luacháil agus Iniúchadh Pleananna Oibre na n-Il-Bhliain

Aguisín 3 – Léiriúcháin faighte ag an gCoiste Iniúchta

Fuair an Coiste Iniúchta na léiriúcháin seo a leanas le linn 2006:

Dé-Luacháil Tacaíocht Bhuiséad Ginearálta (TBG)- Stephen Lister, Ceannasaí Foirne Luachála TBG agus Stiúrthóir Mokoro Teoranta.

Dul Chun Cinn i g-Cur i bhfeidhm Fhógra Paris (Márta 2005) – Liz Higgins, Speisialtóir Sinsearach Forbartha, An Rannóg Teicniúil, Cúnamh Éireann.

Achoimre ar Thorthaí Ginearálta an Dé-Luachála ar Thacaíocht Bhuiséid Ghinearálta – Patrick Empey, Speisialtóir Forbartha, Aonad Luachála agus Iniúchta, Cúnamh Éireann.

Aguisín 4 – Achoimre ar Chaiteachas 2006

Vóta 28: Gnóthaí Eachtracha – Achoimre ar Chaiteachas

Seirbhís	Soláthar Meastacháin €000	Eiscur €000
Riarachán		
A.1. Pá,tuarastail agus Liúntais	91,619	90,101
A.2. Taisteal agus Cothú	8,187	7,937
A.3. Costais Ilghnéitheach	6,707	6,595
A.4. An Post agus Teileachumarsáid	8,811	8,017
A.5. Fearas Oifige/soláthair	37,030	29,922
A.6. Costais Tí Oifige	41,764	36,869
A.7. Seirbhísí Comhairliúcháin	1,074	592
Fo-iomlán	195,192	180,033
Seirbhísí Eile		
B. Athsheoladh Abhaile Agus Cothú Éireannach Ciaptha Thar Lear	27	160
C. Tacaíocht Do Sheirbhísí Imirceach Éireannach	12,000	11,828
D. Seirbhísí Eolais	564	480
E. Rannaíochta Do Ghrúpaí In Éireann le h-Aghaid Chaidrimh Idirmáisiúnta- Deontais Chúnamh)	288	288
F.1. Comhoibriú Ó Thuaidh Ó Dheas Agus Angla Éireannach	2,697	3,387
F.2. Ciste Idirmáisiúnta Do Éirinn	195	195
G. Idirbheartaíocht Chultúrtha Le Tíortha Eile (Deontas Cúnamh)	981	981
H. Bord Comhairleach Eacnamaíoch Ghaeil-Mheiriceánaigh	28	22
I. Rannaíochta Do Eagraíochta Idirmáisiúnta	26,361	26,711
J. Gníomhartha De Bharr Teideal V De Chonradh Aontas Na H-eorpa	516	422
K. Cúnamh Don Aae Agus Do Stáit Eile Oirthear Na H-eorpa	2,847	2,072
L. Tionscnamh Phasáiste An Atlantaigh	250	250
M. Tionscnaimh Na Mílaoise	1,200	0
N. Straitéis Na H-áise Thuaidhe	200	133
Fo-iomlán	48,154	46,929
Caiteachas Comhghlan	243,346	226,962
O. Sealbhaithe I Gcúnamh (Bain)	39,000	38,608
Glan Caiteachais	204,346	188,354

Aguisín 4 – Achoimre ar Chaiteachas 2006

Vóta 29: Comhoibriú Idirnáisiúnta – Achoimre Ar Chaiteachas

Seirbhís	Soláthar Meastacháin €000	Eischur €000
RIARACHÁN – Fo-chinn A1/7		
A.1. Pá, Tuarastail, Liúntais	15,744	15,096
A.2. Taisteal agus Cothú	2,660	2,455
A.3. Costais ilghnéitheacha	3,531	3,141
A.4. Post agus Teileachumarsáid	1,500	1,108
A.5. Trealamh Oifige/Soláthar	1,020	992
A.6. Costais tí Oifige	2,099	2,370
A.7. Costais Chomhairliúcháin	2,000	2,248
Fo-lomlán	28,554	27,410
Seirbhísí Eile		
B. Íocaíocht do Chiste Deontas-Chúnaimh do Chúnaimh Dé-Thaobhach agus do Chomhoibriú Eile	426,510	426,510
C. Cúnamh Daonnúil Éigeandála	60,000	60,000
D. Íocaíochta do Chistí Idirnáisiúnta ar son leas na dTíortha atá ag Forbairt	22,650	22,637
E. Íocaíochta do na Náisiúin Aontaithe agus do Ghníomhaireachta Forbartha eile	62,900	62,900
Fo-lomlán	572,060	572,047
Comhlán		
F. Leithghabhála i g-Cabhair (Bain)	135	630
Glan caiteachais	600,614	599,457
	600,479	598,827

Aguisín 5 – Áthbhreithnithe Iniúchtaí, Luachála agus Luach as airgead i 2006

Iniúchadh – Vóta 28

Thosaigh an t-Aonad Iniúchta agus Luachála a chlár iniúchta ar mhisin thar lear i 2006. Déanadh trí cinn de Iniúchta, agus bhí ceann amháin acu mar iniúchadh agus mar chigireacht ag comhoibriú le Aonad Cigireachta na Roinne.

Iniúchadh – Vóta 29

Tá táblaí na dtuairiscí iniúchta atá críochnaithe ag an lú Aibreán 2007 sonraithe thíos de réir chlár tíre. Ina measc tá roinnt tuairiscí Iniúchta Inmheánach na Roinne, ach tá an chuid is mó des na tuairiscí mar Thuairiscí Iniúchta a dhein ár bpáirtithe forbartha, go ndéantar anailís orthu agus bíonn iontaoibh astu ansin.

Clúdaíonn na h-iniúchtaí airgeadais seo na h-ambasáidí, na consalachta agus oifigí Chúnamh Éireann thar lear, agus cláir agus tograí maoinithe ag Rialtas na h-Éireann, agus baineann siad leis na blianta airgeadais 2004 agus 2005. Tá líon na n-iniúchta ag braith ar an mór-gcoir ar na módúil chúnaimh in úsáid in aon tír faoi leith. Tá an chuid is mó des na tuairiscí mar na Tuairiscí Iniúchta atá déanta ag ár bpáirtithe forbartha go bhfuil iontaoibh ag an Roinn astu. Bhí tuairiscí breise a bhain le caiteachas Chúnamh Éireann 2004 ar fáil i rith na bliana.

Tuairiscí Iniúchta Breise ar Chaiteachas Chúnamh Éireann 2004

Caiteachas de réir Tíre 2004	An Méid Iniúchta
An Mhósaimbíc	2
An Tansáin	1
Uganda	7
An tSaimbia	8
An Aetóip	6
Iomlán na d-Tuairiscí Breise	24

Tuairiscí Iniúchta ar Chaiteachas Chúnamh Éireann 2005

Caiteachas de réir Tíre 2005	An Méid Iniúchta
An Aetóip	35
Lesoto	22
An Mhósaimbíc	32
An Afraic Theas	18
An Tansáin	30
Timor Leste	2
Uganda	38
An tSaimbia	47
An tSiombáib	5
Il-Tíortha	2
Iomlán	*231

* Faoi iamh ins na figiúirí seo tá iniúchta inmheánacha agus turais páirce a chríochnaíodh i 2005 agus 2006 ach a bhaineann le caiteachas Chúnamh Éireann.

Chuir an t-Aonad Iniúchta agus Luachála tús le feachtas, déanach i 2006, próisis iniúchta de chuid de pháirtithe cumann sibhialta Chúnamh Éireann a mhapáil.

Aguisín 5 – Áthbhreithnithe Iniúchtaí, Luachála agus Luach as airgead i 2006

Luacháil

Luachála Vóta 29 críochnaithe ag Cúnamh Éireann i 2006 agus ar fáil ar láithreán gréasáin Chúnamh Éireann:

Luacháil Chlár Tíre i Mósaimbíc 2004-2006 (le bheith foilsithe i 2007)

Luacháil ar Phlean Straitéise Tíre na h-Afraice Theas (le bheith foilsithe 2007)

Athbhreithniú ar Luacháil as Airgead Tacaíochta Chúnamh Éireann do thíortha gortaithe ag an Tsunami (le bheith foilsithe 2007)

Luachála foilsithe ag Deonaithe eile a déanadh i dteannta le Cúnamh Éireann

Athbhreithniú Piaráí ar Fheidhm Luachála Chiste Leanbh na Náisiún Aontaithe (CIOLNA)

Dé-Luacháil ar Thaca Bhuiséid Ghinearálta, 1994-2004;

Luacháil Dé-Dheonaí Fhreagra Daonnaí don Tsunami

Luachála a chríochnaíodh i 2006, nach bhfuil foilsithe, ach ar fáil ar láithreán gréasáin Chúnamh Éireann.

Luacháil ar Chlár Tacaíochta Réigiúnach Tigray/ Cúnamh Éireann (CTRT)

Dé-Luacháil Athbhreithnithe Scéim Pháirtíochta ENR/ VEID/SEIF Chúnamh Éireann

Luacháil agus Iniúchadh Scéim Oirthear na h-Eorpa.

Áth-bhreithnithe ar luach an chuid airgid

Faoin bhabhta láithreach de Thogra Áth-bhreithnithe as luach an airgid tá an Roinn ceangailte le cúig áth-bhreithniú a dhéanamh a chlúdaíonn an dá Vóta. Mar a bhí ag an 1ú Aibreán 2007 bhí na h-áth-bhreithnithe seo a leanas gar do bheith críochnaithe, nó tosaithe:

Vóta 28:

- Taca do Imircigh Éireannacha Thar Lear;
- Áth-bhreithniú ar Sheirbhís na b-Pasanna.

Vóta 29:

- Taca Cúnamh Éireann le h-aghaidh Fhaoiseamh ó thubaiste an Tsunami;
- Cúnamh Forbartha do Mhósaimbíc;
- Taca Chúnamh Éireann do VEID/SEIF